# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

**CLÓSCRÍOBH—ARDLEIBHÉAL**
**(100 marc)**

**Dé hAoine, 29 Bealtaine, maidin, 9.30—11.40**

## TREORACHA GINEARÁLTA

1. Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30—9.40. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

2. Ní mór tabhairt faoi gach ceist.

3. Clóscríobh do scrúduimhir ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'L' i ndiaidh do scrúduimhir má tá clóscríobhán láimhe á úsáid agat.

4. Léigh go cúramach na treoracha sonracha a thugtar **ag barr** gach ceiste.

5. Tosaigh gach roinn ar bhileog úr.

6. Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht etc., ach amháin sa triail chruinnis (ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

7. Déan deimhin de go gcuireann tú do thriail chruinnis sa chlúdach céanna leis na. freagraí eile.

8. Ag deireadh an scrúdaithe cuir do chuid oibre go léir **in ord**.

9. Scríobh do scrúduimhir ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh '**L**' i ndiaidh do scrúduimhir má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe.

## CEISTEANNA

| | | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | Triail chruinnis (9.40—9.50) | 25 |
| 2. | Litir ghnó | 20 |
| 3. | Ráiteas táblaithe | 25 |
| 4. | Obair thaispeántais | 15 |
| 5. | Dearadh | 15 |
| | **Iomlán:** | **100** |

**Leathanach bán**

| Ceist 1 | TRIAIL CHRUINNIS (10 nóiméad) | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Déan cóip charbóin de do chuid oibre.

(b) Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill 2.5 cm (orlach amháin) ar dhá thaobh an leathanaigh.

(c) Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin de chineál ar bith.

(d) Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó cuid de, den dara huair.

(e) Tabhair an <u>chóip chlóbhuailte</u> agus an <u>chóip charbóin</u> de do chuid oibre don fheitheoir ag deireadh na trialach cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun iad a chur in ord leis an gcuid eile de do chuid freagraí.

---

Ar cheann de na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an trá tá a tábhacht mar thaitneamhacht, an tábhacht a bhaineann léi mar áit le haghaidh scíthe, cluichí a imirt, nó gan bheith ach ag breathnú uirthi. Is acmhainn nádúrtha í, gan gá aici le feabhsúcháin de dhéantús an duine, seachas pointí radhairc agus siúlóidí breise a chur ar fáil.

Is ábhar cuid mhaith péintéireachtaí agus grianghraf álainn í an trá. Féadfaidh éifeachtaí éirí agus dul faoi na gréine ach go háirithe radharcanna niamhracha thar an bhfarraige a chruthú. Agus cuireann an fharraige leis na radharcanna sin agus dathanna na gréine sa spéir, measctha le scamaill chraoraga briste, na huiscí ag cuilitheáil agus na tonnta ag briseadh ar an ngaineamh nó ar na clocha lonracha.

Is iomaí úsáid éagsúil a bhaintear as cineálacha feamainne ón trá. Is beag úsáid a bhaintear astu sa chearn seo den domhan. Ach i dtíortha san Oirthear, amhail an tSín agus an tSeapáin, bíonn an-mheas ar an bhfeamainn mar bhia. Déantar cuid mhaith saghasanna a shaothrú sa bhfarraige sa Mhalaeisia agus in Oileáin na Mara Theas, díreach mar a dhéantar le barraí talún abhus. B'fhéidir san am atá ag teacht gur bealach amháin a bheidh ansin chun ganntanas domhanda bia a chosc.

Is fada feamainn agus folcthaí feamainne in úsáid in Éirinn do chríocha míochaineacha nó faoisimh. Bíonn meas an domhain ag roinnt mhaith daoine ar éifeachtacht fholcaí feamainne i gcóireáil airtrítis. Tá an fheamainn á saothrú leis na 100ta bliain agus ní féidir í a bhaint ach le láimh agus ní mór í a roghnú leis an tsúil. In áiteanna iargúlta in iarthar na hÉireann déanann oibrithe ard-oilte gairmiúla, a bhfuil na blianta taithí acu, an barr luachmhar seo a bhaint go cúramach. Is tionscal tábhachtach í gníomhaíocht na beatha mara. Cuideoidh sí le muinín a chothú sa gheilleagar go ceann i bhfad.

(a) Clóscríobh an litir seo a leanas chuig an tUasal Seán Mac Né, An tSráid Mhór, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann

(b) Bain úsáid as an tagairt MÓB nó do thúslitreacha féin

(c) Bain úsáid as dáta an lae inniu

(d) Cuir seoladh ar chlúdach nó ar chruth clúdaigh

(e) Fág 5 cm ar a laghad (dhá orlach) ag barr an leathanaigh don cheann litreach

(f) Tá roinnt dearmad litrithe, poncaithe agus gramadaí sa litir seo nach mór a cheartú.

---

Cuir isteach sloinne

An tUasal

Is ábhar áthais dm an athuair fáilte a chur romhat go dtí Loch Garman dár 21ú féile cheoil. Mar is gnách is foinse scleondair agus fuireachais dár mbaile í an Fhéile, agus beidh sé mar a chéile i mbliana. Is í féile 2009 ar ndóigh an chéad chenn inár láthair nua lasmuigh den bhaile. Tríd an imeacht a reáchtáil lasmuigh den bhile i mbliana ar dhá ardán ar leith, a bhfuil teacht ar pháirceáil go héasca, agus trí ionad campála le lánseirbhísi agus gach áis iontu don chmpálaí grinn, bainfidh tú taitneamh go cinnte as trí lá móra ceoil.

Is iad na socruithe atá déanta againn don fhéile:

| Banna | Dáta | Ardán | Turas |
|---|---|---|---|
| Aslan | 5, 7 Iúil | Ardán 1 | Turas Náisiúnta |
| Bagatelle | 6, 7 Iúil ~~2009~~ | Ardán 2 | turas Náisiúnta & Idirnáisiúnta |
| Altan | 5 Iúil | Ardán 2 | Turas Náisiúnta |
| Bríd Óg | 6 iúil | Ardán 1 | Turas Idirnáisiúnta |

Bainimis taitneamh as an bhFéile cheoil agus ceiliúraimis ceol mór ár linne.

De bhrí go bhfuil súil againn le tinreamh mór, molaimid go ndéanfaí áirithintí go luath. Féadfar áirithintí a dhéanamh ag Ticéid féile ar 01-2347687 nó ar líne ag

Is mise le Meas,
Féile Cheoil Loch Garman

Micheál Ó Briain
Cathaoirleach

| Ceist 3 | RÁITEAS TÁBLAITHE | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Réitigh an ráiteas táblaithe seo a leanas ar pháipéar A4.

(b) Taispeáin go héifeachtach i stíl bhloic nó i stíl lárnaithe é.

(c) Déan an rialú go néata **i ndúch**.

---

Caps ar fad

| Breathnach (ÉIRE) TEO., SR. ARD, TRÁ LÍ, CO. CHIARRAÍ | | | | |
|---|---|---|---|---|
| BRONNTANAIS SCOIR | | | | |
| D'ÉIRIGH AS | BALL FOIRNE | POST | BRONNTANAS | COSTAS |
| MEITHEAMH 2006 | SEÁN TÓIBÍN | LEASCHATHAOIRLEACH | DEARBHÁN SAOIRE | €3000 |
| IÚIL 2006 | MÁIRE NÍ SHÉ | RÚNAÍ | FOIREANN CAIFE | €200 |
| LÚNASA 2006 | SEÁN Ó LAOIRE | CÚNTÓIR DÍOLACHÁN | PEANN AIRGID | €150 |
| | | | | |
| EANÁIR 2007 | ÁINE NÍ BHRIAIN | CÚNTÓIR PEARSANTA | PEANN AIRGID | €150 |
| MEITHEAMH 2007 | TOMÁS Ó MURCHÚ | OIFIGEACH CLÉIREACHAIS | BABHLA CRIOSTAIL | €200 |
| DEIREADH FÓMHAIR 2007 | MÁIRE DALTÚN | RÚNAÍ | FOIREANN CAIFE | €200 |
| DEIREADH FÓMHAIR 2007 | PAT Ó RIAGÁIN | AIRÍOCH | DUAISBHANNAÍ | €200 |
| | | | | |
| EANÁIR 2008 | ÁINE NÍ DHÚILL | BAINISTEOIR DÍOLACHÁN | DEARBHÁN SAOIRE | €1000 |
| BEALTAINE 2008 | SÍLE GOOD | CÚNTÓIR DÍOLACHÁN | PEANN AIRGID | €150 |
| AIBREÁN 2008 | TARLACH Ó SÉ | CÚNTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN | RÍOMHAIRE GLÚINE | €1500 |
| IÚIL 2008 | PÁID Ó BÁIN | CÚNTÓIR PEARSANTA | PEANN AIRGID | €150 |
| LÚNASA 2008 | RITA NÍ SHAIL | CÚNTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN | RÍOMHAIRE GLÚINE | €1500 |

Clóscríobh agus taispeáin go héifeachtach an t-eolas coláiste seo a leanas.

---

COLÁISTE ASTRA
BÓTHAR NANGAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 4

CEANNAIRE NÁISIÚNTA SA BHREISOIDEACHAS
LASMUIGH DE PHOINTÍ CAO

ÚR DO 2009
CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA
DIOPLÓMA SAN URLABHRA AGUS SA DRÁMAÍOCHT
TEICNEOIR CÓGASLAINNE

CONAIRÍ MALARTACHA DO CHÉIMEANNA AGUS
SLITE BEATHA

CÁILÍOCHTAÍ TAIRBHEACHA A BHAINT AMACH
ROGHA MATAMAITIC AGUS BÉARLA NA
HARDTEISTIMÉARACHTA A ATHDHÉANAMH

RANGANNA BEAGA
GAN TÁILLÍ TEAGAISC
(200 MÉADAR ÓN LUAS AGUS ÓN TRAEIN
1890 365 375 NÓ www. cabac.ie

| Ceist 5 | FOIRM A DHEARADH | 15 marc |
|---|---|---|

(a) Ó na sonraí seo a leanas, dréachtaigh foirm iarratais oiriúnach.

(b) Clóscríobh an ceannteideal 'Club Aclaíochta Acla' agus ina dhiaidh na focail 'Foirm iarratais ar bhallraíocht' thíos faoi.

(c) Cuir gach mír in ord uimhriúil ach ná clóscríobh na huimhreacha.

---

**CLUB ACLAÍOCHTA ACLA**

**Sloinne:** (2)

**Céad ainm:** (1)

**Leibhéal folláine faoi láthair:** (8)

**Sínithe:** (9)

**Ní mór do gach ball nua a bheith molta agus cuidithe ag duine atá ina b(h)all ar feadh dhá bhliain ar a laghad** (11)

**Uimhir theileafóin:** **Baile:** (4) **Obair:** (5)

**Fón póca:** (6)

**R-phost:** (7)

**Seoladh baile:** (3)

**Molta ag:** (12) **Cuidithe ag:** (13)

**Dátaithe:** (10)

**Leathanach bán**